# <u>**Aighneacht**</u>

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste as an deis seo bheith agam labhairt libh mar gheall ar an iris *Breac* agus iriseoireacht do lucht an tríú leibhéil. Is mise Caitríona Ní Chonaill, Príomh-eagarthóir na hirise, agus in aonacht liom inniu tá Antóin Ó Trinlúin, ball de Mheitheal Eagarthóireachta *Breac*, agus Seán Ó hUallacháin, scríbhneoir leis an iris chéanna. Ba mhaith liomsa an taithí atá agam i dtaobh cúrsaí iriseoireachta trí mheán na Gaoluinne i gcoláiste tríú leibhéil a roinnt libh inniu.

Tosnaíodh ar an iris *Breac* in 2021 / anuraidh mar chomhoibriú idir cumann gaelach Choláiste na hOllscoile Corcaigh, An Chuallacht, agus iris eile de chuid na hOllscoile, Motley. +Is gá a rá gur de bharr shrianta Covid agus an-chuid ba mhó des na mic léinn a bheith ag gabháilt don chianfhoghlaim gur cuireadh an chéad eagrán den iris amach ar líne amháin. An phríomhdifríocht a bhí againn idir iris na bliana seo caite agus an t-eagrán atá againn i mbliana is ea go raibh an iris curtha i gcló don chéad uair i mbliana. Ceann des na cúiseanna is mó go raibh rath ar an iris is ea an dearadh fíor-mhealltach atá uirthi. Tá gach alt difriúil óna chéile, agus tá an iris ildaite agus snasta; rud a tharraingíonn aird uirthi. Táimid an-bhuíoch den ndearthóir againn, Max Callanan, atá sa dara bliain i gColáiste na hOllscoile Corcaigh (in UCC) as cabhrú linn chomh mór sin.

Bua eile atá againn is ea réimse ár n-ábhar scríbhneoireachta. Tá a lán Gaeilgeoirí gníomhacha i measc lucht na Cuallachta agus mar sin bhí sé éasca go leor scríbhneoirí a fháil don iris. Chabhraigh ár gcuid fógraí ar na meáin shóisialta linn chomh maith, go háirithe ar Instagram, aip a mbíonn an-chuid mac léinn tógtha leis. Chuireamar ceist ar roinnt daoine píosaí a scríobh chomh maith**;** rud a chabhraigh go mór chun suim a mhúscailt i measc na mac léinn i gCorcaigh. Rud iontach faoin iris seo dar liom is ea gur bhailigh sé mic léinn éagsúla le chéile; mic léinn nach mbeadh nasc ar bith eatarthu murach an iris. Tá altanna scríofa ag mic léinn atá ag déanamh staidéir ar an dlí, ar an ngnó, ar an mbainistíocht agus ar an tsláinte mar shampla. Is léir go bhfuil na haltanna sin scríofa ag ógánaigh le haghaidh lucht léitheoireachta atá chomh haois leo féin. Tá an Ghaoluinn á húsáid mar mhodh cumarsáide san iris agus ní díreach mar ábhar díospóireachta**;** rud a mheasaim atá go hiontach le feiscint agus todhchaí na Gaolainne go mór i mbéal an phobail na laethanta so. Is é seo an chéad uair do roinnt des na scríbhneoirí de chuid Breac peann a chur le pár. Abhar mórtais do chách is ea a leithéid mar aon lena gcuid saothair a bheith i gcló; rud a chabhraíonn go mór le meanma scríbhneoirí nua. Beidh Antóin agus Seán ag caint níos mó libhse faoi seo i gceann tamaill.

I dtaobh scaipeadh na hirise, tar éis dúinn go leor cóipeanna a scaipeadh timpeall an champas**;** bhíodar go léir imithe tar éis cúpla lá agus bhí orainn níos mó a scaipeadh ansan. Léiríonn a leithéid go mór an tsuim mhór atá ag mórán Éireann mac léinn sa Ghaoluinn i gCorcaigh agus an tábhacht a bhaineann le glór na mac léinn céanna a bheith i mbéal an phobail i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Chomh maith leis sin, dhein an fhoireann cinnte de go raibh an iris scaipthe ar fud gach campas sa

Choláiste**;** fágadh cóipeanna den iris i ngach foirgneamh**,** gach bialann agus gach caifé san ollscoil, ionas gur féidir linn an iris a chur i dtreo an méid is mó mac léinn a scroichint seachas é a chur díreach + go dtí Roinn na Nua-Ghaeilge sa Choláiste. Chuireamar roinnt cóipeanna chuig siopaí lasmuigh den choláiste chomh maith.

Spreagann foilsiúcháin mar seo daoine óga chun a bheith ag scríobh leo trí mheán na Gaoluinne agus meallann sé Gaeilgeoirí le suim i réimse leathan ábhar chun peann a chur le pár. Tá roinnt smaointe agam féin i dtaobh cúrsaí iriseoireachta trí mheán na Gaoluinne a fheabhsú sna coláistí amach anso, go háirithe i dtaobh lucht na n-irisí Béarla atá sna coláistí cheana féin agus lucht na Gaoluinne a thabhairt le chéile; mar a luaim i mo ráiteas tosaigh. Is léir ón iris seo go bhfuil beocht agus spéis ag lucht an 3ú leibhéal dul i mbun pinn trí mheán na Gaoluinne maidir le todhchaí na hiriseoireachta trí mheán na Ghaoluinne sna coláistí + féin.Caithfear ardán a thabhairt dóibhsean chun a gcuid scríbhneoireachta a fhoilsiú i gcomhpháirt lena gcomhghleacaithe i bhfoilsiúchán mealltach, snasta.

Sin an méid atá le rá agamsa faoi láthair agus gabhaim buíochas libh go léir as ucht éisteacht liom.

**Caitríona Ní Chonaill (Príomh Eagarthóir)**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gcoiste as an deis chun labhairt libh mar gheall ar an iris *Breac* agus iriseoireacht do lucht an tríú leibhéil araon. Mise Caitríona Ní Chonaill, Príomh Eagarthóir an iris, agus in aonacht liom inniu tá Antóin Ó Trinliún, ball den Meitheal Eagarthóireachta le *Breac*, agus Seán Ó hUallachán, scríbhneoir leis an iris. Ba mhaith liom inniu an taithí ata agam i dtaobh iriseoireacht na Ghaoluinne i gcoláiste tríú leibhéal a roinnt libh.

An Iris Breac:

Tosnaíodh an iris i 2021, mar chomhoibriú idir Cumann Gaelach UCC darbh ainm An Chuallacht, agus iris na hOllscoile, Motley. De bharr srianta Covid agus an-chuid des na mic léinn a bheith ag foghlaim ó chian, cuireadh an céad eagrán den iris amach ar líne.

I mbliana, cuireadh ceist orm a bheith mar phríomh eagarthóir toisc go raibh taithí agam a bheith ag scríobh as Gaoluinn le haghaidh nuachtán clóite cheana féin (bhíos mar Eagarthóir Gaeilge le nuachtán an choláiste, University Express don bhliain acadúil seo).

Mar Phríomh Eagarthóir na hirise, bhíos i gceannas ar an Meitheal Eagarthóireachta. Ó chuireamar an fógra amach go raibh *Breac* á chur le chéile don dara huair, fuaireamar réimse leathan aighneachtaí ó mhic léinn ar an-chuid topaicí éagsúla. Thánaig an Meitheal Eagarthóireachta le chéile go minic chun na píosaí a phlé agus an iris a chur i gcrích. Beidh Antóin agus Seán ag labhairt níos mó mar gheall ar seo níos déanaí. Tháinig go leor scríbhneoirí le chéile don eagrán seo, agus iad suite ar fud na tíre agus thar lear ar Erasmus ó UCC, ach leis an teanga agus an coláiste mar nasc againn go léir. Do roinnt des na scríbhneoirí, dob é i mBreac an chéad foilsiúchán inar foilsíodh a saothar, rud a chabhraíonn go mór le meanma scríbhneoirí nua. Chabhraigh lucht na Cuallachta linn i dtaobh scríbhneoirí a fháil sa chéad áit, toisc go bhfuil pobal na Gaeilge láidir i UCC, ach cabhraigh ár gcuid fógrú ar na meáin shóisialte linn chomh maith, go háirithe ar Instagram, aip ar a mbíonn an chuid mhic léinn de gnáth.

Tá go leor topaicí éagsúla á phlé san iris, idir stair na litríochta, cúrsaí idirnáisiúnta ó mhic léinn thar lear agus todhchaí na Ghaelainne á phlé ó thaobh na cumarsáide agus cultúrtha de, chomh maith le píosaí grinn

agus fiú roinnt “bréagnuachta“ chomh maith. Is iris fíor nua aimseartha é, toisc go bhfuil sé i gcló againn go traidisiúnta agus go bhfuil sé ar fáil ar líne. Rud iontach faoin iris seo dar liom ná gur bhailigh sí mic léinn éagsúla le chéile, nach mbeadh nasc eatarthu gan í. Mar shampla, tá píosaí scríte ag mic léinn ag déanamh staidéar ar an dlí, gnó, bainistíocht agus an sláinte. Tá an Ghaoluinn á úsáid mar mhodh cumarsáide san iris agus ní díreach mar thopaic díospóireachta, rud a mheasaim atá go hiontach le feiscint agus todhchaí na Gaolainne go mór i mbéal an phobal.

Buanna na hIrise:

An príomhdhifríocht a bhí againn idir iris na bliana seo caite agus iris na bliana seo ná gur cuireadh an iris i gcló i mbliana don gcéad uair. De réir cosulachta, bhí dáileadh na hirise níos fearr ná aon fhoilsiúchán eile de chuid UCC ar an gcampas, mar de gnáth bíonn cúpla cóip den iris fagtha i ndiaidh dó teacht amach don gcéad uair, ach tar éis dúinn cóipeanna a scaipeadh timpeall an champais, bhíodar go léir imithe tar éis cúpla lá agus bhí orainn níos mó a chur amach. Chomh maith leis sin, dhéan an fhoireann cinnte de go raibh an iris scaipthe ar fud gach campas sa choláiste, gach foirgneamh agus gach bialann agus caifé, ionas gur féidir an méid is mó mhic léinn a scroichint. Taispeánann sé sin suim na mac léinn sa Ghaoluinn agus i nguthanna mac léinn eile a chloisint.

Tá an-chuid cúiseanna go raibh móréileamh ar an iris i measc na mac léinn agus i measc lucht na Gaoluinne ar fud na tíre. I dtús báire, scaipeamar an iris saor in aisce, agus mar sin bhí mic léinn an ann an iris a phiocadh suas gan a bheith buartha faoin bpraghas. Ceann des na príomh buanna a bhí ag an iris ná an dearthóireacht, déanta ag ár ndearthóir Max Callanan, atá ina mhac léinn sa dara bhliain i UCC. Tá gach leathanach difriúil óna chéile agu cabhraíonn sé sin don iris a bheith mealltach d’éinne pé aois nó suim atá acu sa Ghaoluinn. Tá an iris ildaite, snasta agus lán de scríbhneoireacht ó mhic léinn atá ag freastal ar an gcoláiste ar champas agus ata ar bhliain Erasmus thar lear, a thugann réimse leathan dearcadh dúinn.

Glacadh Poiblí na hIrise:

Seoladh an iris ar an 14ú Marta sa Mhol ar champas an choláiste. Bhí an meitheal eagarthóireachta, scríbhneoirí na hirise agus lucht na Gaoluinne i UCC, idir mhic léinn agus an fhoireann i láthair. Thug an

ócáid na doine siúd le chéile don chéad uair, chun an éacht againne a chéiliúradh, ach chun aitheantas a thabhairt do ghach scríbhneoir as ucht a gcuid oibre a bheith foilsithe.

Scaipeadh an iris lasmuigh den coláiste go dtí An Gadaí Dubh i mBaile Mhúire, an Siopa Leabhar i mBaile Átha Cliath. Tugadh roinnt cóipeanna do Choláiste Ghobnatan i mBaile Mhúirne chomh maith, ionas gur feidir le daltaí meánscoile an iris a léamh. Dar leis na daltaí ann, bhí an iris mealltach agus na altanna a bhí scríbhte ann taitneamhach agus suimiúil le léamh, chomh maith le réimse iontach a bheith ann, agus go raibh alt ann do gach suim a bheadh ag léitheoir.

<u>Todhchaí na hIriseoireachta trí mheán na Ghaoluinne sa Tríú Leibhéal:</u>

De bharr an ratha a bhí ar an iris i mbliana, agus cé chomh sasta is a bhí mic léinn a bheith in ann scríobh dó, is léir go bhfuil bua na litríochta láidir is beo sa choláiste. Chun an tsuim seo a chothú, is léir go bhfuil éileamh ar shuíomhanna do dhaoine óga a bheith in ann scríobh trí mheán na Ghaoluinne ar thopaicí go bhfuil suim ag daoine óga iontu. Leis an iris seo, chonaic an beocht agus spéid ata ag lucht an 3ú leibhéal dul i mbun pinn, ach chomh fada is gur eol dom, is í *Breac* an t-aon iris Gaeilge eagraithe agus foilsithe i gcló ag mic léinn tríú leibhéal ar fud na tíre faoi láthair. Tá go leor nuachtáin agus irisí as Béarla sna coláistí, roinnt acu le leathanach Gaeilge amháin iontu, ach ní leor é seo má theastaíonn ó go leor daoine a bheith ag scríobh as Gaoluinn, agus mar is léir ón iris, teastaíonn. Chun go dteastódh ó mhic léinn a bheith ag déanamh iriseoireacht trí mheán na Ghaoluinne, caithfear a thaispeánt nach bhfuil siad ina haonar leis agus go bhfuil siad i measc slua. Caithfear na deiseanna san iriseoireacht a chur os comhair mhic léinn agus iad a mhealladh isteach ionas go mbeidh a fhios acu faoi agus suim acu sna postanna a bheadh ar fáil san earnáil sin.

Smaointí-

Airgead a thabhairt do gach cumann gaelach a n-iris fein a cur i gcrích.

Seans a thabhairt do mhic léinn le Gaeilge eagrán lánGhaeilge d’iris an choláiste a eisiúint i rith Seachtain na Gaeilge.

Caint faoin iriseoireachta trí mheán na Ghaoluinne a reachtáil sna cumann Gaelacha, agus cuireadh a thabhairt do TG4, Raidió na Gaeltachta agus foilseacháin chlóite chomh maith ionas gur féidir le mic

léin an reimse ábhar agus postanna san iriseoireacht a fheiscint dóibh féinig.

Sin an méid atá le rá agam faoi láthair agus gabhaim buíochas libh go léir as ucht éisteacht liom.

# *Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge*

**– Antóin Ó Trinlúin**

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí,

Is mór an onóir é domsa a bheith in ann labhairt libh inniu mar gheall ar an ábhar tábhachtach seo. Is mise Antóin Ó Trinlúin. Is as Baile Féitheáin i gCathair Chorcaí dom agus táim ag tabhairt faoi mháistreacht sa pholaitíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Táim tar éis dhá bhliain a chaitheamh ar choiste na Cuallachta Gaelaí san ollscoil, agus táim i m'Oifigeach Oideachais air faoi láthair. Ba bhall mé de Mheitheal Eagarthóireachta na hirise *Breac* i mbliana, agus bhí mé i mo scríbhneoir don chéad eagrán den iris anuraidh. Táim anseo inniu le labhairt libh faoin iris úd, agus faoin nasc idir í agus saol na Gaeilge ar an ollscoil. I mo ráiteas iomlán i gcomhair an Chomhchoiste, pléitear ilghnéitheach na hirise agus an réimse leathan píosaí a foilsíodh inti, an tslí gur chuidigh an iris le pobal na Gaeilge a thabhairt le chéile san ollscoil, spéis na mac léinn sa Chumann Gaelach agus sa Ghaeilge, na constaicí ba mhó a bhí dár gcrá, agus na moltaí atá agam i dtaobh na rudaí go bhféadfadh na hollscoileanna a dhéanamh don iriseoireacht Ghaeilge trí chéile.

## *Ráiteas Tosaigh*

### *Breac: Iris Ilghnéitheach*

Bhí sé mar sprioc ag Meitheal Eagarthóireachta na hirise réimse leathan ábhar a chur ar fáil in eagrán na bliana seo. Theastaigh uainn scríbhneoirí a mhealladh ó chúrsaí, áiteanna, cúlraí agus bliain-ghrúpaí éagsúla, ionas go dtabharfaí léargas ionraic ar shaol na Gaeilge in UCC don léitheoir. Tugadh an deis do mhic léinn uile na hollscoile cur isteach ar an iris agus foilsíodh gach píosa a cuireadh chugainn. Chomh maith leis sin, rinneadh an cinneadh píosaí áirithe a

choimisiúniú ó bhaill na Meithle, baill na Cuallachta agus ó chainteoirí Gaeilge eile san ollscoil. I roinnt cásanna, iarradh ar dhaoine píosa ar leith a scríobh don iris, ach i gcásanna eile níor tugadh don scríbhneoir ach ábhar ginearálta agus ligeadh dóibh díriú isteach ar aon rud a rith leo laistigh den ábhar sin.

Foilsíodh naoi bpíosa is fiche ó seacht scríbhneoir déag san iris. I measc na bpíosaí a foilsíodh bhí: léirmheasanna, filíocht, ailt tuairimíochta, colúin pholaitíochta agus spóirt, gearrscéal, ailt ghrinn agus cheoil, tuairisc dlí, aistí pearsanta, ailt stairiúla, agallaimh agus crosfhocal. Rinneamar iarracht gnéithe móra an tsaoil a chlúdach san fhoilseachán, le cothromaíocht idir píosaí dáiríre agus píosaí spraíúla. Scríobh Gearóid Ó Treasaigh alt faoin gcanúint uathúil a bhíodh le cloisint ina chúinne féin d'Oirdheisceart na Gaillimhe, roinn Oisín Ó Síocháin a mheas ar ath-aontú ár n-oileáin agus d'imigh Siobhán Ní Chróinín síos bóithrín na smaointe agus í ag féachaint siar ar 1993, nuair a tháinig Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse chuig a baile beag i dTuaisceart Chorcaí. Phléigh Darragh Ó Caoimh dul chun cinn na Gaeilge in institiúidí na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh, d'fhéach Greg Ó Síocháin ar úsáid na Gaeilge sa chlár clúiteach *It's Always Sunny in Philadelphia* agus dhírigh Calum Ó Buacháin isteach ar an gceoltóir mór le rá Rory Gallagher. Cuireadh na hamhránaithe Séamus agus Caoimhe Uí Fhlatharta, an scríbhneoir Manchán Magan agus an Kerry Cowboy é féin Séaghan Ó Súilleabháin faoi agallamh. Scríobhadh dánta agus gearrscéalta. Bhí ár Agony Aunt féin againn fiú, i bhfoirm Eve Uí Chathasaigh.

Is cinnte gur pléadh an teanga in eagrán na bliana seo, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaimis amhlaidh agus sinn inár gcainteoirí agus gníomhaithe Gaeilge, ach theastaigh uainn a léiriú freisin nach gá a bheith ag labhairt faoin nGaeilge agus tú ag labhairt as Gaeilge. Ní bheadh éinne ag súil go ndíreodh iris Bhéarla ar an teanga inar scríobhadh í; cén fáth mar sin go mbíonn daoine ag iarraidh go ndíreodh lucht labhartha na Gaeilge ar a dteanga gach uair go mbíonn siad i mbun pinn?

*<u>Pobal labhartha na Gaeilge ag teacht le chéile</u>*

Níl dabht ar bith ach go bhfuil pobal fairsing, bríomhar, gníomhach de chainteoirí Gaeilge in UCC. Tá dhá mhíle ball ag an gCuallacht Ghaelach, níos mó

ná 10% de mhic léinn cláraithe na hollscoile. Bhuaigh an cumann Comórtas na gCumann 3ú Leibhéal de chuid Ghael-Linn i mbliana, chomh maith leis an duais don “Best Cultural and Debating Society” in UCC. É sin ráite, ní bhíonn gach cainteoir Gaeilge ag iarraidh páirt a ghlacadh in imeachtaí an chumainn.

Thug *Breac* deis do na daoine seo a bheith páirteach i saol na Gaeilge ar an gcampas. Fuaireamar píosaí ó dhaoine nár fhreastal ar imeacht de chuid na Cuallachta riamh. Fuaireamar píosaí ó mhic léinn nach raibh muiníneach as a gcuid Gaeilge. Fuaireamar píosaí ó mhic léinn a bhí thar sáile ar thréimhsí Erasmus, nach mbeadh in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí ar an gcampas. Sa tslí seo, tugadh guth do réimse leathan cainteoirí Gaeilge, ní hamháin na cinn a bhíonn gníomhach i gcur chun cinn na teanga agus i saol na gcumann.

Léiríodh dom féin gur féidir an iriseoireacht a úsáid mar bhealach éifeachtach chun lucht labhartha na Gaeilge a thabhairt le chéile, go meafarach agus go litriúil. Nuair a seoladh *Breac*, tugadh deis do léachtóirí an choláiste, lucht eagartha na hirise, baill na Cuallachta agus mic léinn na hollscoile a bheith i dteannta a chéile, ag céiliúradh a gcuid oibre. Ní fhéadfá comhartha ní ba shoiléire de láidreacht na teanga san ollscoil a shamhlú.

Tá Breac le feiscint ar fud an champais, agus ar fud na tíre, agus tá sé ar fáil ar líne chomh maith. Ón méid atá cloiste againne, agus ón tóir atá ar an iris ar an gcampas, is léir gur mheall *Breac* daoine i dtreo na teanga, agus iad ag iarraidh na píosaí laistigh de a léamh. Tá sé rí-thábhachtach nach ndéanfaimis dearmad ar na daoine seo ach an oiread. Ní hamháin gur tugadh deis do na scríbhneoirí a bheith páirteach i saol na Gaeilge; tugadh deis do na léitheoirí chomh maith. Daoine nach mbuailfeadh leis an nGaeilge riamh ó lá go lá, tugadh an seans dóibh a gcaidreamh leis an teanga a athbheochan. Is uirlis chiúin, chumhachtach í an iriseoireacht inár dtroid ar son na Gaeilge. Éiríonn léi daoine a shroicheadh nach sroichfeadh agóid teanga, cumann Gaelach ná Pop-Up Gaeltacht. Léiríonn sí gur teanga bheo, ilghnéitheach í an Ghaeilge, agus mar sin ba chóir dúinn í a choinneáil inár n-armlann.

## *Constaicí agus Moltaí*

Bhí an t-ádh orainn go bhfuair an iris maoiniú ó Roinn na Nua-Ghaeilge UCC agus ó Student Media UCC, ach ní raibh aon chóras ar leith ann le cur isteach ar an maoiniú seo. Ba bhreá liom córas a fheiscint, ní hamháin in UCC ach in ollscoileanna ar fud na tíre, a thabharfadh deis do mhic léinn agus do chumainn foilseacháin nua a bhunú, go háirithe trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh an deis ag daoine lasmuigh de na hollscoileanna cur isteach ar mhaoiniú den chineál seo chomh maith, ionas nach ndéanfaí faillí ar aon aicme den tsochaí ná cúinne den tír.

Bhí ar bhaill na Meithle Eagartóireachta an iris a fhógairt iad féin ar na meáin, le tacaíocht ón gCuallacht Gaelach agus Ionad na Gaeilge Labhartha in UCC. D'éirigh liom féin an scéal a scaipeadh chuig mic léinn uile na Gaeilge le cúnamh ó rúnaí na Roinne Nua-Ghaeilge. Fós féin, ní rabhamar in ann teachtaireacht a chur chuig gach mac léinn san ollscoil, cé gur theastaigh uainn scríbhneoirí a mhealladh ó lasmuigh de na cúrsaí Gaeilge. Chomh maith leis sin, ní cóir go mbeadh eagarthóirí ag brath ar gharanna ó bhaill chumainn ná baill foirne ach an oiread, le mic léinn ár n-ollscoileanna a chur ar an eolas faoi dheiseanna foilsithe agus léitheoireachta. Céim shuntasach a bheadh ann dá mbunófaí córas éigin le tacú le fógraíocht lasitigh dár n-ollscoileanna, ionas go mbeadh sé ní b'fhusa ar eagarthóirí a bhfoilseacháin a chur os comhair an phobail ollscoile ina iomláine; mar shampla, i bhfoirm ríomhphost ginearálta. D'fhéadfaimis dul ní b'fhaide ná sin fiú. D'fhéadfaí na foilseacháin ó ollscoileanna na tíre a fhógairt don phobal mór, rud a chuirfeadh borradh faoin iriseoireacht Ghaeilge, dar liom.

D'fhéadfaí a lán dóirse a oscailt don teanga agus do phobal labhartha na teanga araon tríd a thuilleadh cúnaimh a chur ar fáil d'iriseoireacht Ghaeilge na mac léinn. Is léir domsa tar éis dom a bheith ag obair ar an iris seo agus ar choiste na Cuallachta go bhfuil pobal breá spleodrach de chainteoirí Gaeilge in ollscoileanna ar fud an oileáin seo, agus go bhfuil siad lán sásta a saolta a chaitheamh, a gcuid tuairimí a roinnt agus a dtaithí a chur ar phár trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaimis pobal na Gaeilge a athspreagadh, agus daoine eile a tharraingt isteach ann, dá dtacóimis leis na foilseacháin Ghaeilge. Ba chóir dúinn an fuinneamh agus an paisean seo i measc na ndaoine óga a spreagadh, agus a úsáid chun ár dteanga náisiúnta a choinneáil ábhartha, agus beo.

Seán Ó hUallacháin

***Comhchoiste na Gaeilge ag Tithe an Oireachtais***

***Aibreán 2022***

**Is mise Seán Ó hUallacháin agus is mac léinn as Corcaigh mé. Faoi láthair táim ag déanamh cúrsa MA sa Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Bhí mé páirteach sa mheitheal scríbhneoireachta i mBreac na bliana seo agus na bliana seo caite. I mo ráiteas iomlán i gcomhair an Chomhchoiste Gaeilge, pléitear na rudaí seo a leanas.**

- An tslí ar iarradh orm a bheith páirteach san iris.
- An t-eispéireas scríbhneoireachta féin.
- Na deiseanna a bhaineann le bheith páirteach in aon iris Ghaeilge.
- Freagairt na hirise laistigh agus lasmuigh den ollscoil.

**Bheinn fíorshásta labhairt faoi aon cheann de na nithe seo ag an seisiún féin agus tá fáilte is fiche roimh cheisteanna faoin méid a pléitear sa ráiteas. Mo bhuíochas leis an gComhchoiste as cuireadh a thabhairt dúinn a bheith páirteach sa phlé seo.**

**Seán Ó hUallacháin**

**Aibreán 2022**

Ráiteas i gcomhair Chomhchoiste na Gaeilge ag Tithe an Oireachtais

Seán Ó hUallacháin

Scríbhneoir leis an iris *Breac* a foilsíodh i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i mbliana

13ú Aibreáin 2022

A chathaoirligh, a theachtaí dála agus a sheanadóirí, go raibh míle maith agaibh as ucht cuireadh a thabhairt dúinn a bheith in bhur dteannta ag Tithe an Oireachtais inniu. Is mise Seán Ó hUallacháin agus is mac léinn máistreachta mé sa Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Ba mise duine de na scríbhneoirí a bhí ag obair ar phíosaí éagsúla ar Bhreac anuraidh agus i mbliana. Toisc sinn a bheith iompaithe ar an gcampas i mbliana, seachas ar líne, bhíomar in ann teacht le chéile i gceart chun an iris a sheoladh go hoifigiúil. Tháinig sé aniar aduaidh orm i ndáiríre an t-ardú croí a bhaineann le himeachtaí cosúil leis an seoladh. Bhí an mheitheal eagarthóireachta agus an bhuíon scríbhneoirí in ann ceiliúradh ceart a dhéanamh ar an obair go léir a chuaigh isteach san iris. Inniu táim chun trácht a dhéanamh ar an tslí ar iarradh orm a bheith páirteach san iris, an t-eispéireas scríbhneoireachta féin, na deiseanna a bhaineann le bheith páirteach in iris Ghaeilge, agus ar an bhfreagairt a lean seoladh oifigiúil na hirise.

Tháinig mo chomhscríbhneoir agus mo chomhghleacaí Antóin Ó Trinlúin i dteangmháil liom roinnt míonna ó shin féachaint an mbeinn sásta cúpla píosa scríbhneoireachta a chur isteach i gcomhair iris na bliana seo, is nach mise a bhí sásta. Bhíos páirteach sa chéad eagrán anuraidh, nuair a foilsíodh ar líne amháin í, toisc an phaindéim dar ndóigh. Rud taitneamhach is ea é do chuid scríbhneoireachta féin a fheiscint i gcló agus gan aon agó bhíos réidh chun an deis a thapú i mbliana arís.

Ag fás aníos lasmuigh den Ghaeltacht le Béarla amháin ag baile, ní raibh sa Ghaeilge domsa ag ábhar scoile. Cúpla bliain siar nuair a bhí an Ardteist ag teannadh liom bhíos an-tógtha leis an nGaeilge, toisc an múinteoir a bhí agam arbh as Gaeltacht Mhúscraí di. Bheartaíos ina dhiaidh sin dul ar aghaidh go dtí an ollscoil chun céim a dhéanamh sa Ghaeilge agus sa tSeapáinis. Toisc an borradh a bhí agus atá faoi shaol na Gaeilge i gCOC, bhí an deis agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge agus laistigh de chúpla bliain, a bheith mar scríbhneoir agus file foilsithe in iris oifigiúil. Níl agam le déanamh ach buíochas a ghabháil leis na daoine cneasta cumasacha a bhí agus atá i mo thimpeall as ucht mé a chur san áireamh agus na deiseanna iontacha seo ag teacht ina dtreo.

Má fhéachaim siar ar mo rang Ardteiste, d’éirigh le duine amháin dul i dtreo na Gaeilge agus i dtreo na hiriseoireachta araon, mé féin. Cuireann sé brón orm nár éirigh le héinne eile a dteanga dhúchais a athghabháil, go háirithe toisc gur scoil lán-Bhéarla a bhí againn. Tuigim chomh maith go mbíonn suim ag daoine i rudaí éagsúla agus b’fheidir nach n-oirfeadh an Ghaeilge do gach duine, ach más gá don phár peanna bheith aige, is gá don teanga iriseoireacht a bheith aici. Tá pobal dílis

léitheoireachta ag an nGaeilge agus tá dualgas orainn mar scríbhneoirí an gá sin a chomhlíonadh. Ar mhaithe lenár bpinn agus lenár dteanga araon. Ag cuimheamh ar an spreagadh atá faighte agamsa as a bheith páirteach i m*Breac* táim cinnte go leanfaidh mé orm ag scríobh sa teanga seo. Caidreamh siombóiseach is ea an ceangal idir an teanga agus an scríbhneoir – agus d'fhéadfaimis *iriseoireacht* nó *foilsitheoireacht* a thabhairt ar an gceangal céanna. Ní mhaireann ceann amháin gan an ceann eile. Ní gá dúinn ach cuimhneamh ar Raidió na Gaeltachta atá ag ceiliúradh leathchéad bliain ar an bhfód i mbliana as an méid a dhein sé do mhuintir na Gaeltachta agus saol na Gaeilge araon.

Ag trácht arís ar an seoladh oifigiúil a bhí againn i gcomhair *Breac*, feictear dom go gcabhraíonn an iriseoireacht daoine a thabhairt le chéile – rud atá an-tábhachtach nuair is le teanga neamhfhorleathan atá tú ag déileáil. Bhí daoine ó shaol na Gaeilge i gCathair Chorcaí in ann aithne a chur ar a chéile, rud an-luachmhar i ndiaidh uaigneas na paindéime. Ina theannta sin, bhí na scríbhneoirí go léir agus an mheitheal eagarthóireachta araon bailithe in aon áit amháin don chéad uair. Ní rabhas-sa tar éis bualadh le roinnt dóibh riamh roimhe sin, an dearthóir Max, mar shampla. Taispeánann sé seo, is dóigh liom, an tábhacht sóisialta a bhaineann leis an iriseoireacht chomh maith, rud atá fíor go háirithe i gcomhthéacs na Gaeilge, a déarfainn.

Ag trácht ar Max, bíonn sé páirteach san iris Bhéarla *Motley* chomh maith. Iris í seo a foilsítear san ollscoil uair sa mhí, agus téann Max timpeall na hollscoile ag dáileadh amach cóipeanna úra den iris nuair a bhíonn tóir orthu, de ghnáth uair sa tseachtain. Nuair a tháinig *Breac* amach, beartaíodh go mbeadh sé luachmhar an iris a chur ar fail in áiteanna nach mbeadh teoranta do shaol na Gaeilge amháin. Scaipeadh ar fud fad na háite í, agus bhí ar Max bocht cóipeanna úra a dháileadh amach gach lá ar feadh coicíse, a deir ár bpríomheagarthóir Caitríona liom. I dteanna champas na hollscoile, tá *Breac* ar fáil anois ar scoil agus sa siopa leabhair i nGaeltacht Mhúscraí, agus sa Siopa Leabhair anseo i mBaile Átha Cliath chomh maith. Tá tóir ar ár n-iris agus táimid an-bhródúil aisti.

Rud sláintiúil is ea an scríbhneoireacht dúinn uilig. Is féidir linn í a úsáid mar uirlis chun ár gcuid smaointe a roinnt leis an saol mórthimpeall orainn, rud atá tábhachtach agus an oiread sin cainte déanta le blianta beaga anuas ar chúrsaí meabharshláinte. Más rud tábhachtach í an iriseoireacht don Ghaeilge agus má chabhraíonn an iriseoireacht pobal na teanga a thabhairt le chéile, níl aon dul as ach gur cheart dúinn go léir i saol na Gaeilge borradh a chur faoi chultúr na hiriseoireacht sa Ghaeilge agus a bheith ceannródaíoch inár gcur chuige.

Gabhaim buíochas arís libh, a chairde an Chomhchoiste. Táimid an-sásta a bheith in bhur dteanna inniu. Tá fáilte is fiche roimh cheisteanna ar an méid atá sa ráiteas seo.

Seán Ó hUallacháin

13ú Aibreáin 2022